

# Clár

<i>Taibhse</i> .....	7
<i>Eachtra na dTiúilipí Dearga</i> ....	37
<i>Gadhar darb ainm Skippy</i> .....	65
<i>Zombái</i> .....	97



# Taibhse

Tháinig téacs ó Lakshmi. *Tagaigi anseo láithreach!*

Bhí máthair Lakshmi an-bhuartha faoi rud éigin.

Bhí torann éigin ag cur as di. Torann aisteach éigin sa teach.

Cás suimiúil eile inniu againn a scríobh mé i mo leabhar nótaí. Sheol mé téacs chuig an mbeirt eile, Síle agus Tomáisín: ‘Téigi láithreach go teach Lakshmi.’

Bhí mé ag smaoineamh ar an gcás an bealach ar fad go dtí an teach. Bhí Síle agus Tomáisín romham ag an ngeata. Máthair Lakshmi a lig isteach sinn. Bhí cóta mór uirthi agus í ar tí imeacht amach an doras.

‘Lakshmi! Tá do chairde tagtha!’

Mmmm ... Bhí mé ag machnamh ar an gcás. D’fhéach mé go géar ar mháthair Lakshmi. Bhí na súile dearg agus bhí muc ar gach mala aici.

‘Slán, a pháistí,’ ar sí. D’imigh sí léi. Ba léir go raibh a haigne áit éigin eile.

‘Ón gcuma atá ar mháthair Lakshmi, déarfainn nár chodail sí mórán aréir,’ arsa mise. ‘Cad a déarfása, a Shíle?’

‘An ceart agat, a déarfainn,’ arsa Síle. ‘Ná an oíche roimhe sin.’

D’fhéach mé ar Thomáisín.

‘A Thomáisín? Ar thug tusa faoi deara go raibh easpa codlata ag cur as do mháthair Lakshmi?’

Tá sé tábhachtach ceisteanna mar sin a chur ar mo chairde agus iad á dtraenáil mar bhleachtairí. Is tábhachtaí fós na ceisteanna a chur ar Thomáisín, an duine is óige den Cheathrar, nó is

minic a aird a bheith bainte den chás ag a bholg.

Ní raibh Tomáisín ag éisteacht liom. Ní haon rud nua é sin. Ba é an chéad uair dó a bheith i dteach Lakshmi agus bhí sé fiosrach faoi gach aon rud timpeall air. Bhí sé ag baint lán na súl as an dealbh a bhí sa halla. Leis sin, tháinig Lakshmi.

‘Sin é Ganesh,’ ar sise le Tomáisín.

‘Ganesh? Cad atá cearr leis?’

‘Níl aon rud cearr leis! Cad atá cearr leatsa?’ ar Lakshmi go giorraisc.

‘Cén fáth a bhfuil cloigeann eilifinte air?’ arsa Tomáisín.

D’umhlaigh Lakshmi don dealbh.

‘Ná bac Ganesh go fóill,’ arsa mise. ‘Cén scéal é seo faoin torann aisteach?’

‘Isteach linn sa seomra suí,’ arsa Lakshmi, ‘agus inseoidh mé daoibh faoin torann.’ Leanamar isteach sa seomra suí í.

Cás aisteach go deimhin a bhí romhainn.

Bhí an-spéis agam ann. Ghlac mé go leor nótaí:

Torann sa teach.  
Cé chomh minic?  
Aon am ar leith?  
Torann ard?  
Íseal?  
Ag athrú?  
Cén saghas torainn é go díreach?  
Cé eile a chuala é?

Chuir mé na ceisteanna sin go léir ar Lakshmi.

Ceist a haon: cén saghas torainn é?  
Ach ní raibh sí in ann an cheist sin a fhreagairt.

‘Níor chuala mise fós é,’ ar sise.

An dara ceist: cathain?

‘Níl a fhios agam,’ ar sise. ‘B’fhéidir cúpla uair sa lá agus, is dócha, cúpla uair istoíche. Níl a fhios agam dáiríre, bímse i mo chodladh.’

Mmmm ... ní raibh sí cinnte faoi rud ar bith. Cén saghas bleachtaire í Lakshmi in aon chor? Tháinig frustrachas orm. Thug mé faoi deara go raibh mo ghuth ag éirí níos géire freisin.

An tríú ceist: cén t-am?

‘Níl a fhios agam, a dúirt mé!’ arsa Lakshmi. Bhí sí ag éirí suaite anois. Chuir Síle stop leis an gceistiú.

‘Ná bac leis na ceisteanna eile,’ arsa Síle. ‘Tá sé in am againn ár dtaighde féin a dhéanamh.’

Bhí an ceart aici. Níor chuir mé aon cheist eile.

‘Sú oráiste ó aon duine?’ arsa Lakshmi.

Theastaigh sú oráiste uainn go léir. Bhí Síle ag tabhairt gach aon ní sa seomra

suí faoi deara – clic-clic – agus í ag glacadh grianghraf.

‘An mbeadh aon rud le hithe agat, a Lakshmi?’ arsa Tomáisín.

D’fhéach mé suas chun na bhflaitheas. Ag smaoineamh ar a bholg arís! Cathain a thosóidh sé ag smaoineamh ar an gcás?

Tháinig Lakshmi isteach ón gcistin, gloiní sú oráiste agus pláta mór *poppadom* aici agus leag ar an mbord iad.

‘Ólaigí agus ithigí go ciúin,’ ar sise, ‘agus bíodh cluas le héisteacht ar gach éinne!’

‘Cad iad seo?’ arsa Tomáisín.

‘*Poppadom*,’ arsa Lakshmi. ‘Mé féin a rinne. Tá mo mháthair bhocht chomh buartha sin faoin torann aisteach sin nach bhfuil sí in ann *poppadom* a réiteach fiú amháin. Tá piollaí suain á nglacadh aici chun cuidiú léi dul a chodladh san oíche. Caithfear an cás aisteach seo a réiteach! Nó is cinnte gur in olcas a